# ALT 10 AN TACHT UM PÓILÍNEACHT, SLÁNDÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT POBAIL, 2024

## Ordú Ginearálta Uimh. 4

Tugann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, leis seo de bhun na gcumhachtaí a bhronntar di le halt 10(5) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024, an t-ordú seo a leanas maidir le bunú agus stiúradh ionchúiseamh ag comhaltaí den Gharda Síochána, agus tiocfaidh an t-ordú sin in éifeacht an 2 Aibreán 2025: -

1. Faoi réir théarmaí an ordaithe seo nó aon ordú ina dhiaidh sin, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon ionchúiseamh i gcion coiriúil a thionscnamh agus a stiúradh sa Chúirt Dúiche, cibé acu is cion achomair nó cion indíotáilte an cion. Déanfar aon ionchúiseamh den sórt sin in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

2. Déanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an cinneadh i dtaobh ar cheart nó nár cheart ionchúiseamh a thionscnamh sa chatagóir cásanna seo a leanas: -

    (a) Cion a eascraíonn as marú neamhdhleathach (lena n-áirítear aon chás dúnmharaithe, dúnorgain, timpiste bóthair marfach nó timpiste marfach eile). I gcás ina bhfuil an t-íospartach marbh, níor cheart aon chúiseamh eile a eascraíonn as an teagmhas céanna a roghnú gan treoracha roimh ré. Mar an gcéanna, i gcás ina bhfuil an t-íospartach gortaithe go dona agus i mbaol bás a fháil níor cheart aon chúiseamh a roghnú gan treoracha roimh ré.

    (b) Cion a bhaineann le díobháil thromchúiseach a dhéanamh atá contrártha d'alt 4 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997.

    (c) Cion a bhaineann le bagairt a dhéanamh ar mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh atá contrártha d'alt 5 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997.

    (d) Cion faoi ailt 51A, 52 nó 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, a d'fhág gur bhain úsáideoir bóithre eile gortú tromchúiseach.

    (e) Cion de chineál gnéasach.

    (f) Cion ionsaí a dhéanamh ar chomhalta den Gharda Síochána, mura gceadaíonn comhalta den Gharda Síochána de chéim Chigire nó níos airde an cúiseamh.

    (g) Cásanna a bhaineann le líomhaintí i gcoinne comhaltaí den Gharda Síochána seachas mionchásanna tráchta bóthair. Ba cheart treoracha a lorg ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás a d'ardaigh ceist thromchúiseach i dtaobh cé acu an tiomáint chontúirteach nó tiomáint mhíchúramach a bhí i gceist le tiomáint Garda.

(h) Ciapadh contrártha d'alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(i) Contúirt contrártha d'alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(j) Sárú na síochána contrártha leis an dlí coiteann.

(k) Príosúnú neamhdhleathach.

(l) Cion sceimhlitheoireachta agus aon chion a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht lena n-áirítear aon chion faoi na hAchtanna um Chionta in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998.

(m) Aon chás ina mbeartaítear triail a lorg sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

(n) Cion seilbhe nó úsáid airm tine nó lón lámhaigh seachas seilbh gan deimhniú.

(o) Cion faoin Explosive Substances Act, 1883.

(p) Aon líomhain ionsaí a eascraíonn as teagmháil spóirt.

(q) Cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.

(r) Frith-bhreabaireacht agus éilliú.

(s) Cion ag oifigeach tofa nó ag oifigeach poiblí a líomhnaítear a bheith déanta le linn feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.

(t) Cinedhíothú, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh na daonnachta, píoráideacht agus fuadach.

(u) Cásanna ina bhforáiltear le reacht nach bhféadfar imeachtaí a thionscnamh gan toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

3. (1) Toilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí diúscairt achomair a dhéanamh sa chatagóir cásanna seo a leanas gan comhad Garda a chur isteach:

(a) Cion faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (Acht 2001) (goid) i gcás nach mó ná €7,000 luach na maoine a leithreasaíodh.

(b) Cion faoi alt 8 d'Acht 2001 (a dhéanamh gan íocaíocht), i gcás nach mó ná €7,000 luach an mhaoin a fhaightear.

(c) Cion faoi alt 12 d'Acht 2001 (buirgléireacht) i gcás nach mó ná €7,000 luach aon mhaoin a thógtar.

(d) Cion faoi alt 15 d'Acht 2001 (earraí áirithe a shealbhú).

(e) Cion faoi alt 17 d’Acht 2001 (maoin ghoidte a láimhseáil) i gcás nach mó ná €7,000 luach na maoine.

(f) Cion faoi alt 18 d’Acht 2001 (maoin ghoidte a shealbhú) i gcás nach mó ná €7,000 luach na maoine.

(g) Aon chion faoi Chuid 4 d’Acht 2001 (cionta brionnú) i gcás nach mó ná €7,000 luach na maoine.

(h) Iarrachtaí chun cionta a dhéanamh ag (a), (b), (c), (d), (e), (f) nó (g) thuas.

(2) Ba cheart ordú maidir le cibé an féidir cás a dhiúscairt go hachomair a lorg ar an ngnáthbhealach i ndáil leis na cionta eile faoi Acht 2001.

(3) Ba cheart don Gharda a bhfuil an cás á iompar acu machnamh a dhéanamh ar chomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás, cé gur leis an toiliú ginearálta thuas a gabhadh an cion nó na cionta, tugann iolracht na gcúiseamh nó taifead roimhe seo an chúisí nó imthosca géaraitheacha eile le fios go mbeadh diúscairt achomair míchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás níos mó ná cion amháin pianbhreith 24 mí) neamhleor.

4. (1) Toghann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí diúscairt achomair sa chatagóir cásanna seo a leanas gan comhad Garda a chur isteach:

(a) Aon chion faoi alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(b) Aon chion faoi alt 112 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.

(c) Aon chion faoi alt 3 den Acht Corrthrádála, 1995.

(d) Cion faoi alt 15 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, i gcás nach mó, i dtuairim an Gharda Síochána, margadhluach na ndrugaí

(i) i gcás cannabais nó roisín cannabais méid €1,500

(ii) i gcás démhoirfín, LSD (aigéad líséirgeach dé-eitiolaimíde) nó cóicín méid €500 agus

(iii) maidir le haon druga rialaithe eile méid €1,000.

(e) Aon chion faoi alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, (i gcás gach druga rialaithe).

(f) Cion faoi alt 15C den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (arna chur isteach le halt 83 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006) [drugaí rialaithe a sholáthar i bpríosúin srl], ar choinníoll nach bhfuil an cúisí fostaithe ag an Stát, más rud é, i dtuairim an Gharda Síochána, nach mó margadhluach an druga

(i) i gcás cannabais nó roisín cannabais méid €1,500

(ii) i gcás démhoirfín, LSD (aigéad líséirgeach dé-eitiolaimíde) nó cóicín méid €500 agus

(iii) maidir le haon druga rialaithe eile méid €1,000.

(g) Aon chion faoin Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 i gcás nach mó ná €7,000 luach an mhaoin.

(h) Cion faoi alt 9(1) d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990, arna leasú le halt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

(i) Cion faoi alt 36 d'Acht na bPríosún 2007 [seilbh neamhúdaraithe nó úsáid neamhúdaraithe fón póca srl i bpríosún], ar choinníoll nach bhfuil an cúisí fostaithe ag an Stát.

(j) Sárú ar alt 12 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001, arna leasú le halt 13(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008.

(2) Ba cheart don Gharda a bheidh ag iompar an cháis smaoineamh ar an gcomhad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás, cé gur leis an toghchán thuas a gabhadh an cion nó na cionta tugann iolracht na gcionta nó taifead roimhe seo an chúisí nó imthosca géaraitheacha eile le fios go mbeadh diúscairt achomair míchuí nó go mbeadh pianbhreith 12 mhí (nó i gcás níos mó ná cion amháin pianbhreith 24 mí) neamhleor.

5. Ní mór don Gharda Síochána toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a lorg chun cúisí a chur ar aghaidh lena thriail nó a chur ar aghaidh le haghaidh pianbhreithe ar phléadáil sínithe.

6. Moltar don Gharda Síochána treoracha a lorg ar aon chuma, fiú de chineál achomair, i gcás ina bhfuil ceist neamhghnách dlí i gceist, i gcás nach bhfuil fasach Éireannach cothrom le déanaí ag baint leis an gcúiseamh nó i gcás inar spreag an t-ábhar leas neamhghnách an phobail, nó gur dócha go ndéanfaidh sé amhlaidh.

7. (1) Ní mheasfar gur ordú ginearálta chun críocha alt 10 aon ordú atá ann cheana ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána maidir le hionchúiseamh cionta a thionscnamh agus a stiúradh, mura mbeidh sí corpraithe san ordú ginearálta seo nó in aon ordú ginearálta ina dhiaidh sin.

(2) Féadfar, áfach, aon chiorclán nó ordú den sórt sin atá ann cheana a mheas mar ordú chun cionta a imscrúdú nó a ionchúiseamh, mura mbeidh a théarmaí leasaithe nó cealaithe leis an ordú ginearálta seo nó le haon ordú ginearálta ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, mura rud é go bhfuil siad corpraithe san ordú ginearálta seo nó in aon ordú ginearálta dá éis sin, ní mheasfar gur ordú ginearálta chun críocha alt 10 na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí.

8. San ordú ginearálta seo folaíonn tagairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás ina n-admhaíonn an comhthéacs amhlaidh tagairt d'oifigeach gairmiúil

de chuid an Stiúrthóra a ordaítear de bhun alt 4 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, feidhm de chuid an Stiúrthóra a chomhlíonadh.

9. Scoirfidh Ordú Ghinearálta Uimh. 3 (an 8 Samhain 2021) d'éifeacht a bheith leis an 2 Aibreán 2025.



Catherine Pierse
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

2 Aibreán 2025

**Nóta míniúcháin:**

Tagann an tOrdú Ginearálta Uimh. 4 seo in ionad Ordú Ginearálta Uimh. 3 an 8 Samhain 2021. Rinne an Stiúrthóir Ordú Ginearálta Uimh. 3 faoi alt 8 d’Acht an Gharda Síochána 2005. Is é Ordú Ginearálta Uimh. 4 an chéad ordú ginearálta atá le déanamh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi alt 10 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024.